Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**7819/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0213 (CNS)**

**FISC 93**
**ECOFIN 401**
**ENER 97**
**ENV 240**
**CLIMA 102**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh<br>- Tuarascáil ar dhul chun cinn |

Sa tuarascáil ar dhul chun cinn a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, cuirtear i láthair dearcadh na hUachtaránachta maidir leis an staid mar atá agus an dul chun cinn a rinneadh sa scrúdú ar an togra thuasluaite sa chéad leath de 2025.

Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a thabhairt dá aire agus í a chur ar aghaidh chuig an gComhairle.

Iarrtar ar an gComhairle (Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais) an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a thabhairt dá haire mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

**IARSCRÍBHINN**

**Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh**

**Tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht**

## I. RÉAMHRÁ

1. An 14 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ón gComhairle lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Aontais le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (athmhúnlú)[1], ('an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh').

2. Is cuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55[2]' é an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh, darb aidhm spriocanna uaillmhianacha an Aontais a chur chun feidhme, is é sin laghdú 55 % ar a laghad a dhéanamh ar astaíochtaí faoi 2030 le hais leibhéil 1990 agus an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Is é atá sa phacáiste sraith de thograí idirnasctha a bhfuil an cuspóir céanna acu uile: aistriú cothrom, iomaíoch agus glas a áirithiú faoi 2030 agus ina dhiaidh sin. Is éard atá ann raon réimsí beartais agus earnálacha eacnamaíocha: an aeráid, fuinneamh agus breoslaí, iompar, foirgnimh, úsáid talún agus foraoiseacht.

3. Saothraítear leis an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh na cuspóirí seo a leanas:

   (a) creat oiriúnaithe a sholáthar lena bhféadfar rannchuidiú le spriocanna 2030 an Aontais agus leis an aeráidneodracht faoi 2050 i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Is é a bheadh i gceist leis sin an cánachas ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas a ailíniú le beartais fuinnimh, chomhshaoil agus aeráide an Aontais, rud a chuirfeadh le hiarrachtaí laghdaithe astaíochtaí an Aontais;

   (b) creat a chur ar fáil lena gcaomhnaítear agus lena bhfeabhsaítear margadh inmheánach an Aontais trí raon feidhme na dtáirgí fuinnimh inchánach agus struchtúr na rátaí a thabhairt cothrom le dáta agus trí chuíchóiriú a dhéanamh ar an úsáid a bhaineann na Ballstáit as díolúintí agus laghduithe cánach; agus

   (c) an acmhainneacht ioncam a ghiniúint do bhuiséid na mBallstát a chaomhnú.

[1] 10872/21.
[2] 10849/21.

4. Is é tuairim an Choimisiúin go mbainfí na cuspóirí sin amach trí aistriú ó chánachas bunaithe ar mhéid go cánachas bunaithe ar an luach fuinnimh, trí rangú rátaí a bhunú i gcomhréir lena bhfeidhmíocht chomhshaoil agus trí dhreasachtaí úsáide breosla iontaise a theorannú. De réir an rangaithe sin, is ag an ráta is airde a ghearrfaí cáin ar bhreoslaí iontaise traidisiúnta, ar nós ola gáis agus peitreal, agus ag an ráta is ísle ar leictreachas.

5. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 20 Eanáir 2022[3] agus ghlac Coiste na Réigiún a thuairim an 27 Aibreán 2022[4]. Tá tuairim Pharlaimint na hEorpa ar feitheamh.

## II. STAID NA hIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

6. Seoladh an anailís ar an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh sa Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Cánachas Indíreach - Dleachtanna Máil/Cánachas Fuinnimh) i mí Mheán Fómhair 2021. Phléigh an Mheitheal um Cheisteanna Cánach (Ardleibhéal) an comhad roinnt uaireanta.

7. An 7 Nollaig 2021, thug an Chomhairle (ECOFIN) dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht maidir le tograí an phacáiste 'Oiriúnach do 55', inar cumhdaíodh an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh freisin.[5]. An 17 Meitheamh 2022, thug an Chomhairle (Ecofin) dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn ón Uachtaránacht i ndáil leis an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[6]. An 6 Nollaig 2022, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle (Ecofin) faoin togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh agus thug sí treoir pholaitiúil maidir leis an mbealach chun cinn[7]. Tríd is tríd, thacaigh na hairí le cur chuige na hUachtaránachta, a bhí níos solúbtha, agus d'iarr siad go dtiocfaí ar réitigh ar shaincheisteanna atá fós gan réiteach.

8. An 10 Nollaig 2024, bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle (ECOFIN) maidir leis an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh[8] agus chuir sí treoir pholaitiúil ar fáil.

9. Agus an treoir pholaitiúil á cur san áireamh, leanadh den anailís theicniúil i gcomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle.

---

[3] 5615/22.
[4] 7822/25.
[5] 14574/21.
[6] 9874/22.
[7] 14736/22.
[8] 16174/24 REV 1.

## III. AN DUL CHUN CINN A RINNEADH SA CHÉAD LEATH DE 2025

10. Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinne na hUachtaránachtaí roimhe seo, lean Uachtaránacht na Polainne den obair ar an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh. Rinneadh anailís ar an gcomhad ag cruinnithe den Mheitheal um Cheisteanna Cánach an 30 Eanáir, an 1 Aibreán agus an 20 Bealtaine 2025.

11. Le linn an chéad seimeastair de 2025, bunaithe ar an bplé a rinneadh ag cruinnithe na Meithle, d'ullmhaigh an Uachtaránacht trí shraith de théacs comhréitigh iomlán agus cuireadh an téacs comhréitigh is déanaí faoi bhráid na Meithle um Cheisteanna Cánach an 20 Bealtaine[9]. Ina theannta sin, thíolaic an Uachtaránacht a cuid anailísí ar fhorálacha sonracha i nótaí míniúcháin, rud a d'éascaigh plé agus a chuidigh le dul chun cinn a bhaint amach maidir le réitigh ar na saincheisteanna atá fós gan réiteach.

12. Ceann de na hábhair a pléadh ab ea conas an sprioc choiteann a bhaint amach, is é sin go leanfadh tionscail an Aontais de bheith iomaíoch sa chomhthéacs domhanda atá ag athrú agus cén ról a d'fhéadfadh a bheith ag cánachas fuinnimh ina leith sin. Chuir an Coimisiún i láthair na gnéithe a bhaineann le cánachas fuinnimh de na teachtaireachtaí uaidh dar teideal 'An Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú'[10], 'Plean Gníomhaíochta maidir le Fuinneamh Inacmhainne - Fíorluach ár nAontais Fuinnimh a dhíghlasáil chun fuinneamh inacmhainne, éifeachtúil agus glan a áirithiú do gach Eorpach'[11], 'Compás Iomaíochais don Aontas Eorpach'[12] agus 'Plean Gníomhaíochta Eorpach maidir le Cruach agus Miotail'[13]. I bhfianaise na dteachtaireachtaí sin, measann an Uachtaránacht go bhfuil níos mó tacaíochta de dhíth ar earnálacha dianfhuinnimh, mar shampla próisis mhianreolaíochta agus mhiotalóireachta. Dá bhrí sin, de réir na hUachtaránachta, tá údar maith le cead a thabhairt do na Ballstáit leanúint de thacaíocht a thabhairt i bhfoirm eisiamh ó raon feidhme na Treorach.

---

[9] 9008/25.
[10] 6515/25.
[11] 6601/25.
[12] 5785/25.
[13] 7288/25.

13. Gné nua, a tugadh isteach leis an togra maidir le ETD, is ea an fhoráil maidir le hinnéacsú uathoibríoch íosleibhéal cánachais. Is é is cuspóir don innéacsú creimeadh thionchar eacnamaíoch na Treorach maidir le Cánachas Fuinnimh le himeacht ama a sheachaint. D'éascaigh an Uachtaránacht an plé maidir le socruithe an innéacsaithe, go háirithe an bonn ama agus an uasteorainn innéacsaithe.

14. Soiléiríodh na coincheapa 'aon úsáide' agus 'aon úsáide éagsúil'. Toisc go raibh amhras ann i leith na dtéarmaí sin maidir lena léirmhíniú agus a raon feidhme, chuir an Uachtaránacht tús le plé arbh é ab aidhm dó brí na dtéarmaí sin a shoiléiriú. D'fhéadfadh tacaíocht bhreise a bheith ag teastáil le haghaidh úsáidí sonracha táirgí fuinnimh agus leictreachais in earnálacha áirithe den gheilleagar ina n-úsáidtear táirgí fuinnimh nó leictreachas. Dá bhrí sin, féadfaidh na Ballstáit leibhéil laghdaithe shonracha chánachais (díolúintí iomlána ó dhleachtanna máil nó ó rátaí cánach laghdaithe) a chur i bhfeidhm ar na húsáidí sonracha sin. Cuireadh na cásanna sin in iúl sa téacs comhréitigh mar 'aon úsáide éagsúil'. Mar thoradh ar an bplé sin, áitíodh gur fothacar é an coincheap 'aon úsáide éagsúil' den choincheap níos leithne 'aon úsáide'. Ag an am céanna, ba chosúil gur ghá 'aon úsáide' a choinneáil mar go dtagraíonn sé do gach cás ina n-úsáidtear táirgí fuinnimh agus leictreachas a thagann faoi raon feidhme na Treorach, is iad sin, na cásanna nach gcomhlíonann an sainmhíniú ar dhé-úsáid táirgí fuinnimh agus leictreachais. Coinníodh an téarma 'aon úsáide' sa téacs comhréitigh ach chuidigh an plé a thionscain an Uachtaránacht le dul chun cinn a bhaint amach chun an coincheap sin a shoiléiriú ionas gur féidir le hoibreoirí eacnamaíocha, riaracháin chánach agus saoránaigh téacs na Treorach a bheidh ann amach anseo a thuiscint agus a léirmhíniú ar bhealach níos fearr.

15. Phléigh na toscaireachtaí an tsaincheist maidir le suiteálacha beaga a ídíonn leictreachas féinúsáide a tháirgeann siad féin ó fhoinsí fuinnimh neamh-inathnuaite ar gearradh cáin orthu cheana féin. Leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh is infheidhme faoi láthair, ceadaítear do na Ballstáit, ar choinníoll go ngearrtar cáin ar ionchuir fuinnimh, aschur leictreachais ó tháirgeoirí beaga a dhíolmhú nuair is chun críoch féinúsáide é. Coinníodh aidhm ghinearálta a bhfuil ag córas na dtáirgeoirí beaga leis an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh; mar sin féin, tugadh isteach tairseach chun suiteálacha beaga a shainiú. Tugadh isteach é agus é mar aidhm leis díriú ar tháirgeadh leictreachais ó fhoinsí inathnuaite agus an fhéidearthacht go bhféadfadh tairbhe chánach dhíréireach a bheith ag suiteálacha mórscála a chur san áireamh. Mar sin féin, ag eascairt as sin tá teorainn curtha leis an bhféidearthacht suiteálacha beaga a ídíonn leictreachas féinúsáide a tháirgeann siad ó fhoinsí fuinnimh neamh-inathnuaite ar gearradh cáin orthu cheana féin a dhíolmhú. Is ar an gcúis sin a mhodhnaigh an Uachtaránacht na forálacha ábhartha sa téacs comhréitigh. Mar thoradh air sin, beidh na Ballstáit in ann an méid seo a leanas a dhéanamh: a) táirgeadh leictreachais le haghaidh féinúsáide a dhíolmhú i gcás nach táirgí fuinnimh inchánach (gaoth, grianfhuinneamh, dramhaíl, etc.) iad na táirgí fuinnimh ionchuir. Is é is aidhm leis sin nach mbeidh ualach aschuir nach bhfuil gá ann do tháirgeoirí neamhghairmiúla nó do tháirgeoirí an-bheag, agus forbairt na suiteálacha sin a dhreasú; b) go ndíolmhaítear leictreachas a tháirgtear ó tháirgí fuinnimh ar gearradh cáin orthu cheana de réir na Treorach. Tá feidhm aige sin maidir le cásanna ina ngineann an monaróir an leictreachas a úsáidtear i bpróisis thionsclaíocha le haghaidh féinúsáide, mar shampla ó ghás nádúrtha.

16. Tar éis don Uachtaránacht scrúdú a dhéanamh ar na hiarrataí ó roinnt toscaireachtaí, chinn sí an dramhaíl ar fad a úsáidtear chun críoch téimh a eisiamh ó raon feidhme na Treorach. D'fhéadfadh méadú teacht ar phraghsanna na seirbhísí arna soláthar ag cuideachtaí a bhailíonn dramhaíl agus a dhiúscraíonn dramhaíl a bheith mar thoradh ar ualach breise i bhfoirm dleacht mháil. De dheasca, d'fhéadfadh méadú teacht ar na cásanna ina ndéanann eintitis aonair dramhaíl a loisceadh iad féin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis, in éagmais bonneagar iomchuí, le níos mó truailliú san atmaisféar le gáis dhíobhálacha, nó le sceitheadh carbóin, mar gheall ar onnmhairí dramhaíola méadaithe lasmuigh den Aontas. Dá bhrí sin, tá údar maith le dramhaíl a eisiamh ó raon feidhme an dréacht-ETD de réir na hUachtaránachta.

17. Rinneadh roinnt modhnuithe ar an téacs comhréitigh ar mhaithe le cuspóirí deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh a bheidh ann amach anseo a ailíniú le gníomhartha reachtacha ábhartha eile. Go háirithe, i gcás leasuithe a dhéanfar amach anseo ar Iarscríbhinn IX a ghabhann le Treoir (AE) 2018/2001 (an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite), tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh a bheidh ann amach anseo a leasú chun í a thabhairt i gcomhréir leis an leagan athbhreithnithe den Treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite. Rinneadh na hathruithe ba ghá freisin ar liosta na míreanna bunábhair chun 'bithbhreoslaí ardfhorbartha, bithleachtanna agus bithghás' a tháirgeadh (Iarscríbhinn III a ghabhann le téacs comhréitigh Theoir maidir le Cánachas Fuinnimh).

18. Thairis sin, chun tábla comhshó na nglanluachanna calracha (Iarscríbhinn II a ghabhann leis an téacs comhréitigh maidir le ETD) a chur i gcomhréir leis an Ainmníocht Chomhcheangail (AC), thug an Uachtaránacht na tuairiscí atá sa cholún 'Ainm an táirge', chomh maith le roinnt de chóid AC, cothrom le dáta.

19. I leagan níos luaithe den téacs comhréitigh, leagadh amach go bhféadfaidh an Chomhairle gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun catagóir aon táirge fuinnimh a athrú i gcás go bhfuil an catagóir ina bhfuil an táirge ar neamhréir lena fheidhmíocht chomhshaoil. Cuireadh i bhfios go láidir le linn an phlé nach féidir, faoi CFAE, an bunghníomh a leasú le gníomh cur chun feidhme de ghnáth áfach. D'fhéadfaí a mheas gur gné riachtanach den togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh é catagóir an táirge fuinnimh a athrú. Tháinig sé chun solais gur rogha inmharthana ó thaobh an dlí de a bheadh ann clásal athbhreithnithe a dhéanamh den chumhachtú, agus rinne an Uachtaránacht athbhreithniú ar an téacs comhréitigh dá réir sin.

20. Rinneadh coigeartú breise na haithrisí ar mhaithe le comhsheasmhacht leis an gcuid oibríochtúil den togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh.

21. D'athdhearbhaigh na toscaireachtaí na seasaimh uathu, a bhfuiltear eolach go maith fúthu, maidir le roinnt saincheisteanna eile. Mar sin féin, ní dheachaigh an Uachtaránacht i mbun plé an athuair maidir leis na saincheisteanna sin toisc go measann sí gur pléadh na saincheisteanna sin go mion le blianta anuas agus léirítear comhréiteach leochaileach sa téacs.

## IV. BEALACH FÉIDEARTHA CHUN CINN

22. Dar leis an Uachtaránacht, is ionann staid na caibidlíochta agus cothromaíocht íogair idir tuairimí éagsúla na dtoscaireachtaí, agus gné an iomaíochais á cur san áireamh freisin, gné a leag roinnt toscaireachtaí béim uirthi le déanaí. Rinneadh plé críochnúil ar gach saincheist a bhaineann leis an togra le haghaidh Treoir maidir le Cánachas Fuinnimh ó thús na caibidlíochta agus tá cur amach ginearálta ar sheasaimh na dtoscaireachtaí, cé gur tháinig athrú ar chuid acu.

23. Mar sin féin, beidh gá le tuilleadh oibre chun seasaimh na dtoscaireachtaí a thabhairt le chéile. Aithníonn an Uachtaránacht freisin go bhfuil gá le roinnt coigeartuithe teicniúla agus grinnscrúdú dlíthiúil a dhéanamh ar an téacs comhréitigh. Tugann an Uachtaránacht dá haire go bhfuil na toscaireachtaí tiomanta do leanúint leis an obair ar bhonn an dul chun cinn atá déanta go dtí seo.

## V. CONCLÚID

24. Sa chomhthéacs seo, iarrann Uachtaránacht na Polainne ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá haire, d'fhonn an chaibidlíocht a chur chun cinn agus tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo.